Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Iúil 2022
(OR. en)

11429/22

HYBRID 81
DISINFO 65
CSDP/PSDC 482
COPS 363
POLMIL 179
IPCR 85
RELEX 1032
INST 278
AG 92
PE 85
DATAPROTECT 225
JAI 1049
CYBER 273
FREMP 159
JAIEX 80
AUDIO 71
DIGIT 144
INF 130
COSI 203
PROCIV 102

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 11173/22 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le hionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis (FIMI) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn, na conclúidí ón gComhairle maidir le hIonramháil agus Cur Isteach Eachtrach ar Fhaisnéis (FIMI), mar a d’fhormheas an Chomhairle iad ag an gcruinniú a bhí aici an 18 Iúil 2022.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le hionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis (FIMI)**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

1. Meabhraítear di na conclúidí ábhartha ón gComhairle Eorpach[1] agus ón gComhairle[2]. Meabhraítear di gur chuir na Ballstáit in iúl go bhfuil rún daingean acu sa Chompás Straitéiseach don tSlándáil agus don Chosaint feabhas suntasach a chur ar a n-athléimneacht agus ar a gcumas bagairtí hibrideacha, cibirionsaithe agus FIMI a chosc, a bhrath, a mhaolú agus a chomhrac, agus chun tacú le tíortha comhpháirtíochta freisin. Meabhraítear di gur gá Bosca Uirlisí Hibrideach de chuid an Aontais a chruthú lena dtabharfar ionstraimí éagsúla le chéile chun raon leathan bagairtí agus feachtas hibrideach a bhrath agus chun freagairt dóibh agus, sa chomhthéacs sin, forbróidh sí bosca uirlisí tiomnaithe chun aghaidh a thabhairt ar FIMI[3]. Meabhraítear di na conclúidí ón gComhairle an 21 Meitheamh 2022, inar athdhearbhaíodh go neartóidh bosca uirlisí FIMI ár gcumas an bhagairt a bhrath, a anailísiú agus freagairt di, lena n-áirítear trí chostais a fhorchur orthu siúd atá freagrach as an mbagairt[4].

2. Cuireann sí i dtreis gur minic a úsáidtear FIMI mar chuid d'fheachtais hibrideacha níos leithne agus, i measc nithe eile, go bhfuil sé d'aidhm aige ár sochaithe daonlathacha a chur ar míthreoir, an dallamullóg a chur orthu agus iad a dhíchobhsú, teannas cultúrtha agus sochaíoch a chruthú agus leas a bhaint as, chomh maith le tionchar diúltach a imirt ar ár gcumas beartas eachtrach agus slándála a sheoladh. Cuireann sí i dtábhacht go léirítear leis an úsáid straitéiseach chomhordaithe a bhain an Rúis as ionramháil agus cur isteach ar fhaisnéis roimh an bhfogha míleata gan chúis agus gan údar faoin Úcráin agus a ghabhann leis an bhfogha sin, an bhagairt ilghnéitheach sin agus an tionchar nithiúil atá aici ar réimsí éagsúla inmheánacha agus seachtracha beartais. Go háirithe, chonaiceamar éifeachtaí FIMI, an chaoi a dtéann sé i bhfeidhm ar ár spriocanna CBES/CBSC agus a gcuireann sé bac ar ár gcuspóirí agus ár leasanna, *inter alia* an tslándáil dhomhanda bia. Athdhearbhaíonn sí go gcuirfidh an tAontas Eorpach agus na Ballstáit dlús leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh acu dul i gcion ar thríú tíortha chun tacú leis an Úcráin de réir gnéithe comhaontaithe chun cur i gcoinne insint bhréagach na Rúise agus an ionramháil atá á déanamh aici ar fhaisnéis[5].

---

[1] Go háirithe, na conclúidí ón gComhairle Eorpach ó mhí na Bealtaine 2022, Nollaig 2021, Deireadh Fómhair 2021, Meitheamh 2019.
[2] Go háirithe, na conclúidí ón gComhairle maidir le Creat le haghaidh freagairt chomhordaithe ón Aontas ar fheachtais hibrideacha Meitheamh 2022 (ST 10016/22), na conclúidí maidir leis an athléimneacht a neartú agus bagairtí hibrideacha a chomhrac, lena n-áirítear bréagaisnéis i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 (13626/20), na conclúidí maidir le hiarrachtaí comhlántacha chun an athléimneacht a fheabhsú agus bagairtí hibrideacha a chomhrac (ST 14972/19), agus na conclúidí maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 09/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: *Disinformation affecting the EU: tackled but not tamed* [Bréagaisnéis lena ndéantar difear don Aontas: tugadh fúithi ach ní bhfuarthas smacht uirthi fós] (10968/21).
[3] An Compás Straitéiseach.
[4] Conclúidí ón gComhairle maidir le Creat le haghaidh freagairt chomhordaithe ón Aontas ar fheachtais hibrideacha Meitheamh 2022 (10016/22).
[5] Conclúidí ón gComhairle Eorpach maidir leis an Úcráin, an 30 Bealtaine 2022

Cuireann sí i bhfios go láidir go ndéantar, le hoirbhearta, teicnící agus nósanna imeachta FIMI, an bonn a bhaint den mhuinín sna meáin agus go gcuirtear i mbaol leo ról ríthábhachtach na díospóireachta poiblí saoire don daonlathas agus d'fheidhmiú folláin na sochaí sibhialta. Cuireann sí i dtreis gur féidir an t-iompar sin a thabhairt faoi deara i ngníomhaíochtaí gníomhaithe stáit agus neamhstáit, atá ann cheana nó atá ag teacht chun cinn, atá ag iarraidh an bonn a bhaint de dhaonlathais, an dioscúrsa cathartha a shaobhadh agus cáineadh a lagú.

3. Is díol sásaimh di na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag an Ardionadaí agus ag an gCoimisiún Eorpach chun bosca uirlisí FIMI de chuid an Aontais a fhorbairt. Ba cheart dó úsáid níos córasaí raon iomlán na n-uirlisí atá ar fáil a chur chun cinn, amhail feasacht staide, i measc bealaí eile tríd an gCóras Mear-Rabhaidh, an Acmhainneacht Aonair Anailíse Faisnéise, go háirithe a Chill Chomhtháthaithe Hibrideach, athléimneacht agus fothú acmhainneachta, freagairtí rialála agus taidhleoireachta. Áirítear orthu sin freisin comhar feabhsaithe laistigh den Aontas agus chun tacú le tíortha comhpháirtíochta, agus i misin agus in oibríochtaí an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta. Athdhearbhaíonn sí gur cheart an Creat le haghaidh freagairt chomhordaithe ar fheachtais hibrideacha, mar a leagtar amach sna conclúidí ón gComhairle an 21 Meitheamh 2022,[6] a úsáid freisin chun aghaidh a thabhairt ar FIMI. Tugann sí dá haire gurb iad na Ballstáit atá freagrach go príomha as FIMI a chomhrac, lena n-áirítear i gcomhthéacs feachtas hibrideach níos leithne.

[6] Conclúidí ón gComhairle maidir le Creat le haghaidh freagairt chomhordaithe ón Aontas ar fheachtais hibrideacha Meitheamh 2022 (10016/22).

4. Iarrann sí ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún, le rannpháirtíocht iomlán na mBallstát cuir chuige saincheaptha a fhorbairt chun rannpháirtíocht an Aontais a mhéadú ar an leibhéal iltaobhach leis na Náisiúin Aontaithe agus laistigh de agus eagraíochtaí idirnáisiúnta agus réigiúnacha eile, i gcomhréir leis an gCompás Straitéiseach, i ndáil le creat institiúideach an Aontais, agus oibriú i dtreo prionsabail idirnáisiúnta a fhorbairt maidir leis an mbréagaisnéis agus FIMI agus lánurraim á tabhairt do chearta an duine agus do shaoirsí bunúsacha agus béim leanúnach á leagan ar shaoirse cainte, na meáin neamhspleácha, agus cosaint agus sábháilteacht iriseoirí agus cosantóirí chearta an duine a chur chun cinn. Ba cheart na hiarrachtaí sin a dhéanamh, nuair is iomchuí agus i gcás inarb iomchuí, i gcomhar le comhpháirtithe atá ar aon intinn linn agus i gcomhar leis an tsochaí shibhialta agus leis an earnáil phríobháideach, lena n-áirítear ardáin ar líne, agus na prionsabail dá bhforáiltear sa Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha agus sa Chód Cleachtais athbhreithnithe maidir le Bréagaisnéis á gcur san áireamh freisin.

5. Cuireann sí i bhfios go láidir gur gá cur lenár n-acmhainneachtaí athléimneachta agus lenár gcomhar laistigh den Aontas agus inár misin agus oibríochtaí CBSC agus chun tacú le tíortha comhpháirtíochta; athdhearbhaíonn sí gurb amhlaidh, faoi 2024, a bheidh gach misean agus oibríocht CBSC uile lánfheistithe le cumais agus acmhainní chun uirlisí ábhartha bhosca uirlisí FIMI a úsáid; cuireann sí i dtábhacht a thábhachtaí atá sé an comhar le comhpháirtithe atá ar aon intinn linn, amhail ECAT, G7, mar aon leis an tsochaí shibhialta agus an earnáil phríobháideach, a fheabhsú agus iarrachtaí laistigh de chreat na Náisiún Aontaithe a mhéadú.

6. Iarrann sí go ndéanfar rannpháirtíocht Thoscaireachtaí an Aontais agus líonra taidhleoireachta na mBallstát ar fud chomharsanacht an Aontais agus níos faide i gcéin a neartú, maidir le léargais a roinnt ar ghníomhaíochtaí FIMI chomh maith le freagairtí ar an mbagairt, lena n-áirítear trí chumarsáid straitéiseach. Is díol sásaimh di an obair atá déanta ag StratCom SEGS agus ag a thascfhórsaí i ndáil leis sin.

Athdhearbhaíonn sí an iarraidh go gcuirfí an tArdionadaí agus an Coimisiún roghanna i láthair agus lánurraim á tabhairt do chearta an duine agus na saoirsí bunúsacha, le haghaidh bearta dea-shainithe a d'fhéadfaí a dhéanamh i gcoinne ghníomhaithe FIMI nuair is gá sin chun ord poiblí agus slándáil an Aontais a chosaint[7].

---

[7] Ibid.